

Buntáistí an Tumoideachais

Cad is fiú an tumoideachas don pháiste?
Cad a deir an taighde in Éirinn agus go hidirnáisiúnta?


Buntáistí cognaíocha

Éiríonn le páistí smaoineamh ar bhealaí **níos cruthaithí**



Bíonn siad níos fearr **ag tabhairt airde, ag díriú ar thascanna** agus á gcur i gcrích

Scileanna cuimhne níos fearr



Léiríonn taighde gur féidir leis an dátheangachas moill cheithre bliana a chur ar ghalair Alzheimer


Líofacht agus litearthacht in dhá theanga

Forbraíonn páistí **líofacht** agus **litearthacht** sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon ar scoil



Tuiscint níos fearr dóibh ar na **bunchlocha teanga**; gramadach, déanamh focal, ord abairte

Níos éasca do na páistí **teangacha eile a fhoghlaim** leis na scileanna litearthachta atá sealbhaithe acu



Scileanna inaistrithe iad seo gur féidir a chur i bhfeidhm i dteangacha eile

Scileanna éisteachta agus **cumarsáide** níos éifeachtaí ag páistí

Níos fearr in ann **iad féin a chur in iúl**, agus níos fearr in ann daoine eile a thuiscint

Scileanna cumarsáide

Muinín agus féiniúlacht

Níos mó teagmhála ag na páistí le cultúr éagsúla agus bíonn **meas níos mó** acu orthu


Spreagtar **ilchultúrachas** níos doimhne agus níos lú ciníochais



Tuiscint níos fearr do na páistí ar a gcuid féiniúlachta féin — bíonn **féinmheas** níos mó acu




Gnóthachtáil san oideachas



Gnóthachtáil níos airde sa Bhéarla agus sa mhata araon ag páistí i scoileanna lán-Ghaeilge i gcomparáid lena bpiarghrúpa i scoileanna meán-Bhéarla

Is mó seans go gcuirtear **curaclam níos leithne** ar fáil i mbunscoileanna lán-Ghaeilge ná mar a chuirtear ar fáil i scoileanna eile

Is féidir go mbronnfar **marcanna breise** ar iarrthóirí a fhreagraíonn scrúdú scríofa Ardteiste trí Ghaeilge



Fianaise uait? Tuilleadh eolais maidir leis na buntáistí agus na tagairtí taighde lena mbaineann ar fáil ar **www.gaeloideachas.ie**

 @GaelOid

 /Gaeloideachas